

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Scéim 2014 - 2017

Faoi Alt 11
d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003



Scéim 2014 - 2017
Faoi Alt 11
d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Clár Ábhair

1	Réamhrá	1
2	Forbhreathnú ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta	2
3	Cumarsáid leis an bPobal	4
4	Preaseisiúintí agus Fógraí Meán	6
5	Comharthaíocht	6
6	Foilseacháin	7
7	Oiliúint agus Forbairt	8
8	Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim	9
9	An Scéim a Phoibliú	9
10	Cabhair agus Comhairle	9

Scéim 2014 - 2017

Faoi Alt 11

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

1. Réamhrá

Réitigh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta an Scéim faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (**"an tAcht"**) a dhéanann foráil do scéim reachtúil a réiteach ag comhlachtaí poiblí ina sonraítear na seirbhís a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

mar aon le bearta a nglacfar leo lena chinntiú go soláthrófar laistigh d'amfhráma comhaontaithe aon seirbhís trí mheán na Gaeilge nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge faoi láthair.

Réitíodh an Scéim agus aird ar fhorálacha, *inter alia*, *Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (Alt 9) agus Rialacháin 2008* (Ionstraim Reachtúil Uimh. 391 de 2008). Forálann na Rialacháin atá i gceist (**"Rialacháin 2008"**), i measc rudaí eile, d'úsáid na Gaeilge amháin, nó na Gaeilge agus an Bhéarla i dteannta a chéile, ar pháipéarachas, comharthaíocht chomhlachtaí poiblí agus i bhfógraí taifeadta ó bhéal.

1.1 Réiteach na Scéime.

D'fhorbair an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an Scéim i gcomhréir leis na Treoirínte a réitíodh faoi Alt 12 den Acht. Agus Scéim á forbairt, ceanglaíonn na Treoirínte go mbeidh aird ag comhlacht poiblí ar na ceisteanna a leanas:

- (a) An bunleibhéal éilimh ar sheirbhísí sonracha i nGaeilge i gcomhthéacs soláthar dearfach.
- (b) Na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta phoiblí atá i gceist chun an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

I gcomhréir le forálacha Alt 13(1)(a) den Acht, d'fhoilsigh an tÚdarás fógra inar luadh go raibh sé beartaithe acu dréachtscéim a ullmhú. Foilsíodh an fógra san *Irish Examiner* agus in *Foinse*, agus ar láithreán gréasáin an Údaráis, www.nra.ie. Thug an fógra dátheangach cuireadh roimh aighneachtaí maidir le réiteach na dréachtscéime ó pháirtithe ar díol spéise leo í. Tugadh cuireadh, chomh maith leis sin, d'aighneachtaí ó fhoireann an Údaráis trí mheabhrán a d'éisigh an Príomhfheidhmeannach do gach comhalta foirne.

Fuarthas aighneacht amháin ó *Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge*. Dhírigh an aighneacht ar na tosaíochtaí ar cheart a chur san áireamh i Scéim an Údaráis, go háirithe, feabhsú chumas Gaeilge ár bhfoirne, bearta chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn, cumarsáid/cruinnithe leis an bpobal agus úsáid na Gaeilge ar ár láithreán gréasáin.

1.2 Cuspóir na Scéime.

Is é príomhchuspóir na Scéime seo chun beartais agus cleachtas reatha an Údaráis a chomhdhlúthú agus a fheabhsú maidir le soláthar a seirbhísí as Gaeilge. Léiríonn seo tiomantas an Údaráis do chur i bhfeidhm iomlán fhorálacha an Achta maidir le tabhairt faoina gcuid feidhmeanna agus freagrachtaí a chomhlíonadh.

1.3 Tosú na Scéime.

Rinne an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an Scéim a dhearbhu agus cuireadh tús leis an Scéim, le héifeacht, ón **14 Iúil 2014**. Beidh an Scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó dáta seo nó go dtí go ndearbhaíonn an tAire Scéim nua, de bhua Alt 15 den Acht, pé ceann is déanaí.

2. Forbhreathnú ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta.

2.1 Misean agus Sainchúram.

“Feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil agus ar iomaíocht náisiúnta gheilleagrach trí líonra bóithre náisiúnta a fhorbairt, a chothabháil agus a oibriú ar bhealach sábháilte, costéifeachtúil agus inmharthana.”

Ráiteas Misin

Is í príomhfheidhm an Údaráis um Bóithre Náisiúnta soláthar líonra sábháilte agus éifeachtúil bóithre náisiúnta a chinntiú (Alt 17 d’Acht na mBóithre, 1993). Tá feidhm lárnach ag bóithre náisiúnta i rochtain a sholáthar ar gach réigiún den tír agus i naisc a sholáthar idir na príomhionaid daonra. Cé nach ionann iad ach níos lú ná 6% d’fhad iomlán na mbóithre poiblí atá ar fud na tíre, i.e. thart ar 5,400km as 94,600km, is léir an tábhacht atá acu chun freastal ar ár riachtanais gheilleagracha agus shóisialta iompair nuair a ghluaiseann nach mór 50% den trácht iomlán ar bhóithre in Éirinn orthu.

2.2 Struchtúr na hEagraíochta.

Soláthar Foirne.

Tá líon iomlán foirne 105 (2013) ag an Údarás. Tá ár gceannoifig lonnaithe i dTeach Naomh Máirtín, Bóthar Waterloo, Baile Átha Cliath 4.

An Bord.

Féadfaidh a mhéid le ceathrar comhaltaí dhéag bheith i mBord an Údaráis – triúr gnáthchomhaltaí dhéag agus cathaoirleach – a cheapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Ceaptar

comhaltaí ar an bhonn na taithí atá acu maidir le bóithre, iompar, ceisteanna tionsclaíocha, tráchtála, airgeadais nó comhshaoil, rialtas áitiúil, agus eagrú oibrithe nó riarachán.

Soláthraítear sonraí faoi bhallraíocht reatha an bhoird ar ár láithreán gréasáin, www.nra.ie.

Aonaid Ghnó.

Tá an tÚdarás eagraithe faoi na cúig fhoireann rannacha a leanas:

- Bainistíocht Líonra.
- Gnóthaí Corparáideacha agus Seirbhísí Gairmiúla.
- Oibríochtaí Tráchtála.
- Bainistíocht Réigiúnach agus Clár.
- Airgeadas agus Tacaíocht Gnó.

Príomhpháirtithe Leasmhara.

I dtromlach na gcásanna, feidhmeanna iad planáil, dearadh, tailte/réadmhaoine a fháil agus tionscadail um bóithre náisiúnta a chur i bhfeidhm ar gnách go dtugann údarais áitiúla fúthu mar chuid dá bhfeidhm reachtúil féin agus iad ag feidhmiú údarais bóithre dá limistéir féin riaracháin. Tá ag an Údarás, dá réir sin, teagmháil sách theoranta dhíreach leis an bpobal, maidir le ceisteanna a bhaineann leis an gclár náisiúnta feabhsaithe bóithre agus oibríochtaí an Údarais go ginearálta. Idirghníomhaíonn an tÚdarás, dá ainneoin sin, le réimse fairsing páirtithe leasmhara, lena n-áirítear:

- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, a n-oibríonn an tÚdarás faoina gcoimirce.
- Ranna agus Gníomhaireachtaí/Oifigí éagsúla eile, go háirithe an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Ealaíon agus Gaeltachta agus an Roinn Airgeadais.
- Údarais áitiúla.
- Coistí éagsúla a bhunaigh an tOireachtas, lena n-áirítear an Coiste Cuntas Poiblí agus an Coiste Iompair, mar aon le hionadaithe poiblí ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil.
- An pobal ginearálta.
- Comhairligh, conraitheoirí, s.rl.
- An Coimisiún Eorpach.
- Comhlachtaí ionadaíocha, ar nós Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta, Innealtóirí Éireann, Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, s.rl.
- Na meáin.

2.3 An Leibhéal Seirbhíse atá ar fáil cheana féin trí Ghaeilge.

Áirítear le Cairt Chustaiméirí an Údarais tiomantas chun dícheall a dhéanamh chun freastal ar chustaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh linn i nGaeilge. I gcomhréir leis an gCairt, freagraítear i nGaeilge comhfhreagras a fhaightear i nGaeilge agus foilsítear foilseacháin an NRA, de réir mar is cuí, i nGaeilge agus i mBéarla araon. Anuas air sin, soláthraítear réimse ábhar i nGaeilge ar ár láithreán gréasáin.

Cuireann an Scéim seo leis na tiomantais a dhéanaimid inár gCairt Chustaiméirí trí na bearta agus na nósanna imeachta sonracha a shonrú a úsáidimid agus sinn ag tabhairt faoinár ngnó d'fhonn ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Rialacháin 2008 a chomhlíonadh.

3. Cumarsáid leis an bPobal.

Bíonn an tÚdarás i gcumarsáid leis an bpobal i roinnt mhaith slite lena n-áirítear litreacha, rphoist, facsanna, bileoga eolais, fógraí reachtúla/faisnéise, s.r.l. I gcomhréir le forálacha an Achta, Rialacháin 2008 agus tiomantas an Údaráis chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a fhairsingiú i gcúrsa a ngnó, déanfar cumarsáid an Údaráis leis an bpobal le linn thréimhse na Scéime seo i gcomhréir leis na hait a leanas.

3.1 Cumarsáid Scríofa.

3.1.1 Páipéarachas.

Beidh páipéarachas uile an Údaráis i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Thug Rialacháin 2008 líon ceanglais shonracha isteach maidir le húsáid na Gaeilge ar na saghsanna a leanas páipéarachais a úsáideann comhlachtaí poiblí:

- Páipéar nótaí.
- Duillíní dea-mhéine.
- Leathanaigh chumhdaigh facs.
- Cumhdaigh chomhaid/fillteán.
- Lipéid.
- Clúdaigh litreach.

Faoi na Rialacháin, is gá go mbeadh an páipéarachas uile sin i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla.

Thug an tÚdarás páipéarachas nua dátheangach isteach, i gcomhlíonadh na Rialachán, i bhFeabhra 2009, agus úsáidtear é i ngach cumarsáid scríofa a eisíonn an tÚdarás.

3.1.2 Freagra a thabhairt ar Chomhfhreagras.

Tabharfaidh an tÚdarás freagra i nGaeilge ar gach comhfhreagras a fhaigheann siad i nGaeilge.

I gcomhréir le forálacha an Achta, sa chás go scríobhann duine chuig an Údarás i nGaeilge (cibé acu trí litir, facs nó ríomhphost), tugtar freagra ar an gcumarsáid i nGaeilge.

Tá an tÚdarás tiomanta do chinntiú nach bhfuil an caighdeán seirbhíse a chuirtear ar fáil i nGaeilge ar chaighdeán níos ísle ná an tseirbhís a chuirtear ar fáil trí Bhéarla, agus baineann siad úsáid as seirbhísí cuideachta fhaofa aistriúcháin ó Ghaeilge go Béarla agus ó Bhéarla go Gaeilge chun cabhrú leis an bhfoireann, de réir mar a theastaíonn, chun freagraí cruinne agus éifeachtúla a thabhairt ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge.

3.1.3 Coir phoist.

Eiseofar coir phoist an Údaráis i nGaeilge agus i mBéarla araon.

I gcomhréir le hAlt 9(3) den Acht, foilsítear i nGaeilge agus i mBéarla araon cumarsáid scríofa gan iarraidh (e.g. coir phoist) a eisíonn an tÚdarás d'fhonn faisnéis a thabhairt don phobal.

3.2 Ar an nGuthán.

Is iad rúnaithe/oibreoirí lasc-chláir na chéad phointí teagmhála leis an bpobal. Is é beartas an Údaráis a chinntiú go bhfuil cleachtas caighdeánach um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) curtha i bhfeidhm sa limistéar seo, d'fhonn go mbeifear in ann an méid a leanas a dhéanamh ar thosú na Scéime:

- Tá sé ar chumas na foirne fáiltithe/lasc-chláir ainm na heagraíochta a thabhairt i nGaeilge.
- Aithníonn siad, ar a laghad, na bunbheannachtaí i nGaeilge.
- Tá socruithe oiriúnacha i bhfeidhm ionas gur féidir leo muintir an phobail a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a chur ar tairiscint trí Ghaeilge, sa chás go bhfuil fáil orthu.

3.3 Fógraí Taifeadta ó Bhéal.

Beidh na fógraí taifeadta a dhéanann an tÚdarás nó na fógraí sin a dhéantar thar ceann an Údaráis i nGaeilge agus i mBéarla.

Faoi Rialacháin 2008, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil fógraí taifeadta ó bhéal, a dhéanann siad nó a dhéantar thar a gceann, i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge faoin 1 Iúil 2013. Baineann na Rialacháin le fógraí taifeadta ó bhéal a dhéantar ar an nguthán, córas fógartha poiblí agus córas ríomhairithe freagartha/cur teachtaireachtaí.

Ní oibríonn an tÚdarás córais fógartha poiblí ná córais ríomhairithe freagartha/chur teachtaireachtaí. Tugtar na teachtaireachtaí taifeadta ar phríomhlasc-clháir an Údaráis i nGaeilge agus i mBéarla araon.

3.4 Cuaireoirí.

Déanfar gach iarracht éascú a dhéanamh ar ghlaiteoirí i bpearsa ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh leis an Údarás as Gaeilge.

Amhail a luadh thuas, is iad rúnaithe/oibreoirí lasc-chláir na chéad phointí teagmhála leis an bpobal. Is é beartas an Údaráis a chinntiú go bhfuil cleachtas caighdeánach um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) curtha i bhfeidhm sa limistéar seo, d'fhonn go mbeifear in ann an méid a leanas a dhéanamh ar thosú na Scéime:

- Tá sé ar chumas na foirne fáiltithe/lasc-chláir ainm na heagraíochta a thabhairt i nGaeilge.
- Aithníonn siad, ar a laghad, na bunbheannachtaí i nGaeilge.
- Tá socruithe oiriúnacha i bhfeidhm ionas gur féidir leo muintir an phobail a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a chur ar tairiscint trí Ghaeilge, sa chás go bhfuil fáil orthu.

3.5 Láithreán Gréasáin.

Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag soláthar agus ag cothabháil rannóg Gaeilge ar ár suíomh gréasáin.

Soláthraítear faisnéis maidir le feidhmeanna agus gníomhaíochtaí an Údaráis sa mhír Ghaeilge dár láithreán gréasáin. Leanfaimid leis an réimse faisnéise atá ar fáil i nGaeilge ar ár láithreán gréasáin a fhorbairt agus a fheabhsú le linn thréimhse na Scéime seo.

4. Preaseisiúintí agus Fógraí Meán.

Eiseoidh an tÚdarás 30% d'ár bpreaseisiúintí go dátheangach ó thús na Scéime agus méadóidh seo ar bhonn incriminteach go 60% thar shaolré na Scéime.

Beidh fógraí sna meáin scríofa le fáil trí mheán na Gaeilge agus as Béarla chomh maith, de réir mar is cuí.

5. Comharthaíocht.

Leagann Rialacháin 2008 dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil comharthaí atá curtha suas acu féin nó ar a son ag aon láthair ar bith (lena n-áirítear áitribh oifige) i ndiaidh 1 Márta, 2009 (faoi réir díolúintí áirithe) as Gaeilge amháin nó as Béarla agus as Gaeilge araon. Leagann na Rialacháin riachtanais sainiúla chomh maith maidir leis an téacs a úsáidtear, m.sh. ní mór don téacs Gaeilge teacht ar dtús, ní chóir dó a bheith níos lú ná an téacs Béarla agus ba cheart go mbeadh sé chomh feiceálach, sofheicthe agus inléite leis an téacs Béarla.

Leagtar amach beartas an Údaráis maidir le comharthaíocht sna hailt a leanas.

5.1 Comharthaí Oifige.

Cloífidh na comharthaí go léir in oifigí an Údaráis le riachtanais na Rialachán 2008 laistigh den tréimhse ama sonraithe.

5.2 Comharthaí um Thrácht ar Bhóithre.

Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag forfheidhmiú na riachtanais Ghaeilge ar chomharthaí tráchta ar bhóithre, de réir mar a leagadh amach i Lámhleabhar na gComharthaí Tráchta arna fhoilsiú ag an Roinn Iompair.

Ar mhaithe le cuspóirí an Scéim seo, tá na catagóirí comharthaí seo a leanas san áireamh i gcomharthaí tráchta ar bhóithre:

- a) **Treo-chomharthaíocht.**
- b) Comharthaí **Eolais Tráchta**, lena n-áirítear comharthaíocht um oibreacha bóthair, comharthaíocht sábháilteachta/rabhaidh agus dola.

5.3 Comharthaí Faisnéise Scéimeanna Bóithre.

Cinnteadh an tÚdarás go gcloíonn comharthaí eolais scéime bóthair le riachtanais na Rialachán 2008 laistigh den tréimhse ama sonraithe.

Cuirfear comharthaí faisnéise scéimeanna bóithre, i.e. comharthaí a chuirtear suas ag suíomhanna móroibreacha feabhsaithe ar an líonra bóithre náisiúnta a léiríonn faisnéis faoin tionscadal, i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge, i gcomhréir leis na hamfhrámaí a leagtar amach i Rialachán 2008.

6. Foilseacháin.

6.1 Cáipéisí Corparáideacha.

Foilseoidh an tÚdarás na cáipéisí corparáideacha seo a leanas as Gaeilge agus as Béarla araon ag an am céanna:

- Tuarascáil Bhliantúil
- Cuntais Iniúchtá/Ráitis Airgeadais
- Ráiteas Corparáide Straitéise
- Ráitis Pholasaí
- Plean Gníomhaíochta Custaiméirí
- Cairt Chustaiméirí
- Lámhleabhair um Shaoráil Faisnéise.

6.2 Bileoga Faisnéise, Bróisiúir agus Foilseacháin.

Foilseoidh an tÚdarás na bileoga eolais, bróisiúir agus foilseacháin seo a leanas as Gaeilge agus as Béarla araon ag an am céanna:

- Sraith Bhileoga Faisnéise an NRA
- Seanda (Iris seandálaíochta an NRA, a foilsítear ar bhonn bliantúil)
- Bileoga faisnéise dola.

Foilsíonn an tÚdarás roinnt mhaith bileoga eolais agus bróisiúir agus í mar aidhm acu an gnáthphobal a chur ar an eolas faoi fheidhmeanna agus ghníomhaíochtaí an Údaráis maidir le clár forbartha um bóithre náisiúnta agus nithe gaolmhara, lena n-áirítear dola ar bhóithre, an comhshaol agus seandálaíocht. Eiseofar aon bhileoga, bróisiúir nó foilseacháin a leithdháiltear trí chor poist i gcomhréir le forálacha Alt 3.1.3 den Scéim seo.

6.3 Cáipéisíocht Scéimeanna Bóithre.

Tá éagsúlacht fairsing cáipéisíochta scéime bóthair foilsithe ag an Údarás féin nó ar a shon i gcónasc le scéimeanna bóthair. I measc cáipéisíocht dá leithéid d'fhéadfaí go mbeadh Ráitis Tionchair Timpeallacha (EIS), fógraí reachtúla, cáipéisí/ ceistneoirí comhairliúcháin phoiblí, cáipéisí teicniúla a bhaineann le caighdeáin dearaidh agus tógála, treoirlínte a bhaineann le measúnú comhshaoil agus seandálaíochta s.rl. Is é seo a leanas polasaí an Údaráis i leith úsáid na Gaeilge i gcáipéisíocht dá leithéid:

Caighdeán/Treoirínite.

Áiríonn an catagóir seo cáipéisí teicniúla ar nós Treoiríne Bainistíochta Tionscadal agus Lámhleabhar Dearaidh um Bóithre agus Droichid de chuid an Údaráis, i dteannta le treoirínite agus cáipéisíocht chomhshaoil agus seandálaíochta.

Foilseofar cáipéisí teicniúla an NRA, lena n-áirítear caighdeán, treoirínite innealtóireachta, comhshaoil agus seandálaíochta, as Béarla amháin.

Cáipéisíocht a bhaineann go sonrach le Scéim.

Áirítear sa chatagóir seo bileoga/bróisiúir eolais, cáipéisíocht comhairliúcháin phoiblí, lena n-áirítear ceistneoirí, chomh maith le cáipéisíocht reachtúil atá de dhíth faoi Acht na mBóithre, 1993, arna leasú (m.sh. Ráitis Tionchair Timpeallachta, Scéimeanna Mótarbhealaí, Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh, Scéimeanna Dola, Fodhlithe Dola agus Scéimeanna Ionaid Seirbhísí).

Foilseofar na cáipéisí scéime bóthair seo a leanas as Gaeilge agus as Béarla:

- Bileoga/bróisiúir eolais scéime bóthair.
- Cáipéisíocht comhairliúcháin phoiblí lena n-áirítear ceistneoirí.
- Imleabhar Achoimre Neamhtheicniúil de Ráitis Tionchair Timpeallachta, áit a bhfuil na scéimeanna i gceist lonnaithe laistigh nó i ngiorracht cheantair Ghaeltachta.

Ní foilseofar na cáipéisí scéime bóthair eile go léir ach i mBéarla amháin.

7. Oiliúint agus Forbairt.

Tá an tÚdarás tiomanta d'oiliúint agus forbairt a sholáthar don fhoireann chun freastal ar riachtanais ghnó an Údaráis, lena n-áirítear riachtanais ár gcustaiméirí.

I gcaitheamh thréimhse na Scéime seo, déanfaidh an tÚdarás an méid a leanas:

- cuirfear cúrsaí oiliúna Gaeilge oiriúnacha ar fáil d'fhoireann uile an Údaráis, lena n-áirítear cúrsaí a bheidh ar siúl laistigh de ghnáth uaireanta oibre;
- cuirfear an scéim um aisíoc táillí chun cinn mar mheicníocht chun oiliúint Ghaeilge a spreagadh;
- cuirfear comhairle ar bhaill foirne maidir le raon na ranganna Gaeilge atá ar fáil lasmuigh de ghnáth uaireanta oibre (m.sh. dioplóma tríú leibhéal sa Ghaeilge, Gaelchultúr, Gael-Linn, s.rl.);
- áireofar feasacht na teanga mar chuid de chúrsaí ionductaithe agus mar chuid de chúrsaí oiliúna um sheirbhísí do chustaiméirí lena chinntiú go bhfuil tuiscint ag an bhfoireann ar chomhthéacs agus cúlra polasaí na Gaeilge de chuid an Údaráis agus conas a rachaidh sé i bhfeidhm ar a gcuid oibre;
- déanfar measúnú ar na cúrsaí go léir a dtugann baill foirne fúthu le fáil amach cé chomh éifeachtach atá siad maidir le gnóthú spriocanna an Údaráis, agus

- déanfar iarracht a chinntiú, de réir mar a thagann forbairt ar inniúlacht na Gaeilge laistigh den Údarás, go bhfuil baill foirne ann chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar ar fud na n-aonad eagraíochta éagsúla de chuid an Údaráis.

8. Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim.

Déanfaidh Cinn na Rannóg monatóireacht ar na saincheisteanna laethúla a bhaineann leis an Scéim seo de réir mar a thagann siad chun solais agus soláthróidh siad aiseolas don Fhoireann Bhainistíochta. Tabharfar faoi athbhreithniú, go ginearálta, ar oibriú na Scéime le linn thréimhse na Scéime seo.

9. An Scéim a Phoibliú.

Cuirfear ár bpáirtithe leasmhara agus an pobal mór ar an eolas faoin Scéim seo trí láithreán gréasáin an Údaráis. Cuireadh cóip den Scéim seo faoi bhráid Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge ar fuair an tÚdarás aighneacht uathu maidir le réiteach na Scéime.

Cuireadh cóip den Scéim seo, faoi bhráid Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla, chomh maith.

Is é leagan Béarla na Scéime seo an bunleagan.

10. Cabhair agus Comhairle.

Réitíodh an Scéim seo chun breac-chuntas a thabhairt ar bheartais an Údaráis maidir le húsáid na Gaeilge i gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus na Rialachán a rinne an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoin Acht. Fáiltítear roimh thuairimí agus/nó iarratais ar bhreis faisnéise ar an Scéim agus ba cheart iad a sheoladh chuig Aonad Clár agus Rialála an Údaráis.

Tá fáil ar réimse cuimsitheach cáipéisíochta agus faisnéise maidir le forálacha Acht 2003 agus na Rialacháin ghaolmhara ar na láithreáin ghréasáin a leanas;

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, www.ahg.gov.ie.

An Coimisinéir Teanga, www.coimisineir.ie.

